

An Feachtas Eolais “Bí Ullamh don Gheimhreadh”

Ceisteanna & Freagraí don Seoladh ar an 9 Samhain 2016

#bewinterready

1. Cad é cuspóir an fheachtais?
2. Cé ar cheart dom glaoch orthu má tá comhairle nó treoir uaim le linn éigeandáil aimsire cruu?
3. Cén costas a bhí ar an bhfeachtas?
4. Céard faoi bhaill den phobal nach bhfuil rochtain acu ar an idirlíon?
5. An cosúil go mbeidh aimsir chrua againn arís an geimhreadh seo?
6. Cén fáth go ndéanann stoirmeacha Atlantacha an oiread sin dochair?
7. An dóigh go mbeidh stoirmeacha troma againn an geimhreadh seo?
8. Cé chomh mór is a bhí an dochar a rinneadh de thoradh aimsire cruu le blianta beaga anuas?
9. Cén tionchar a bhí ag tuilte 2015/2016?
10. Cad a rinneadh chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla le linn na dtuilte?
11. Cén ceachtanna a foghlaimíodh ón taithí dheireanach?
12. Céard atá déanta ag an Rialtas chun ullmhú?
13. Cé atá freagrach as freagairtí a thabhairt ar éigeandáil a bhaineann leis an aimsir?
14. An dtugann Údaráis Áitiúla rabhaidh?
15. Cad a tharlóidh má bhíonn geimhreadh cruu againn arís?
16. Cé chomh fada roimh ré is a fhéadann Met Éireann aimsir chrua a thuar?
17. An bhfuil athrú ag teacht ar an aeráid?
18. Nach raibh go leor stoirmeacha againn an geimhreadh seo caite?
19. An mbeimid ag ainmniú stoirmeacha an geimhreadh seo?
20. An dóigh go mbeidh tuilte againn arís an geimhreadh seo?
21. Conas is féidir linn eolas a fháil faoi bhriseadh soláthar cumhachta?
22. An gcuirfidh an aimsir chrua isteach ar sheirbhísí iompair?
23. Cá háit ar féidir liom Sonraí Teagmhála a fháil le haghaidh Oibreoirí Iompair?
24. Conas is féidir liom seiceáil an rithfear mo Bhus/Thraein/Luas?
25. Conas is féidir liom eolas a fháil faoi choinníollacha ar na bóithre?.
26. Cén chéimeanna ar féidir liom a ghlacadh chun ullmhú don gheimhreadh atá romhainn?
27. An leor na soláthairtí salainn atá againn chun ár gcuid bóithre a choimeád oscailte?
28. Cé mhéad céachtaí sneachta agus leatóirí salainn atá againn sa tír?
29. Conas is féidir liom a sheiceáil ar leagadh salann/grean ar an mbealach a mbím féin ag taisteal air?
30. Cá háit ar féidir liom eolas a fháil faoi aerfoirt?
31. An ceart dom mo chosán a ghlanadh má thiteann sneachta?
32. An bhféadfadh go ndéanfaí agair orm dá nglanfainn mo chosán agus dá dtitfeadh duine ina dhiaidh sin?
33. Cad é Beartas an Rialtais maidir le Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte?
34. Cé atá freagrach as oibreacha um chosaint in aghaidh tuilte?
35. Cad atá sa scéim um Mionoibreacha um Maolú Tuilte & Chosaint Cósta?
36. Cad atá á dhéanamh ag an Rialtas chun éifeachtaí na dtuilte a mhaolú?
37. Cad atá sa chlár um Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAM)

38. An mbeidh Seirbhís Réamhaisnéis Tuilte ag Éirinn?
39. Cad é ról an Ghrúpa Comhordaithe Idir-Rannach ar an mBeartas um Thuilte?
40. Cad é Straitéis an Rialtais maidir le hárachas tuilte?
41. An bhfuil árachas i gcoinne bhaol tuilte ar fáil go héasca ar fud na tíre?
42. Cad é ról an Ghrúpa Idir-Rannaigh um Chomhordú an Bheartais i leith Tuilte?
43. Conas a láimhseáiltear leibhéal uisce ar an tSionainn?
44. Féadann aimsir chrua dul i bhfeidhm ar fheirmeoirí – cá háit ar féidir le feirmeoirí comhairle a fháil??
45. Cad é ról an Rialtais maidir le cúnadh a thabhairt do ghnóthais?
46. Cad faoi dhúnadh scoileanna?
47. Cad é beartas nua Bhus Éireann maidir le Seirbhísí Iompair Scoile i gcás go n-eiseodh Met Éireann rabhadh Aimsire Dearg
48. Céard a tharlóidh do scoileanna i gcás go dtarraingeoidh Bus Éireann siar busanna scoile tar éis rabhaidh dheirg?
49. Cén fáth gur chuir Bus Éireann an beartas sin i bhfeidhm?
50. Cén gníomhartha a glacadh roimhe sin maidir le Seirbhísí Iompair Scoile nuair a bhí drochaimsir againn? (An gcuirfead Seirbhísí Iompair Scoile ar ceal i gcás rabhadh aimsire eile – nó drochaimsir?)
51. An ndeachthas i gcomhairle leis an Roinn Oideachais maidir leis an mbeartas?
52. Conas atá an beartas seo á chur in iúl?
53. Cad faoin earnáil dheonach?
54. Cad é Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála?
55. Cad é cuspóir an Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí?
56. Cén socruithe eile atá i bhfeidhm chun eolas a thabhairt don phobal?

1. Cad é cuspóir an fheachtais?

Is é cuspóir an fheachtais ná comhairle agus eolas a chur ar fáil chun cabhrú leis an bpobal bheith ullmhaithe níos fearr le dul i ngleic le tréimhsí d'aimsir chrua. Tá láithreán gréasáin www.winterready.ie ar fáil chun comhairle phraiticiúil a chur ar fáil chomh maith le sonraí teagmhála na bpríomhsheirbhísí ar féidir leo cabhair a thabhairt le linn éigeandálaí a bhaineann le haimsir chrua. Aidhm eile atá i gceist leis an bhfeachtas ná dearbhú don phobal go bhfuil ullmhúcháin déanta ag an Rialtas don gheimhreadh. Is í príomhtheachtairacht an fheachtais ná:

“bí ullamh, coimeád slán agus bíodh a fhios agat cá háit a bhféadann tú cabhair a fháil má tá sí uait.”.

2. Cé ar cheart dom glaoch orthu má tá comhairle nó treoir uaim le linn éigeandáil aimsire chrua?

Ar an Láithreán Gréasáin tugtar raon uimhreacha ar cheart duit glaoch orthu má tá eolas nó comhairle uait ó réimse gníomhaireachtaí freagartha agus soláthraithe seirbhíse. I gcás éigeandála géire, is féidir teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála ach 112/999 a dhialliú.

3. Cén costas a bhí ar an bhfeachtas?

Coimeádadh costais an fheachtais chomh híseal agus ab fhéidir. Tá Ranna ag obair as lámh a chéile agus ag baint úsáide as buiséid reatha. Meastar go bhfuil an costas iomlán i mbliana faoi bhun €50,000.

4. Céard faoi bhaill den phobal nach bhfuil rochtain acu ar an idirlíon?

Tá achoimre den chomhairle agus den eolas teagmhála ar an láithreán gréasáin ar fáil i leabhrán cruachóipe ar féidir a fháil ón Oifig um Pleanáil Éigeandála ag Íosghlao 1890-252736 nó is féidir líon teoranta a ordú trí ríomhphost a sheoladh chuig oepe@defence.ie

5. An cosúil go mbeidh aimsir chrua againn arís an geimhreadh seo?

Ba iad na geimhridh (le blianta beaga anuas) a bhí cosúil le geimhreadh 2010/11 ná 2009/10, 1983/84, 1978/79, 1962/63 agus 1946/47. Bíonn geimhridh den sórt sin againn thart ar gach deich mbliana, mar sin is é an seans go mbeidh an geimhreadh atá romhainn chomh chrua le geimhreadh 2010/2011 ná thart ar 10%. Is é an freagra i ndáiríre ná nach féidir linn a rá – ach is í ár dteachtairacht ná ‘is fearr bheith ullamh i gcónaí’.

6. Cén fáth go ndéanann stoirmeacha Atlantacha an oiread sin dochair?

Is iad na tréithe a bhaineann le stoirmeacha Atlantacha a bhuaileann ár dtír ná meascán de ghaotha láidre, agus de bháisteach throm. Nuair a tharlaíonn siad siúd ag an am céanna le taoidí fíor-arda féadann siad dochar agus cur isteach mór a chruthú.

7. An dóigh go mbeidh stoirmeacha troma againn an geimhreadh seo?

Rinne an tAonad um Aeráid agus Thaighde na hÉireann in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nua, i dteannta leis an Centre for Hydrological and Ecosystem Science in Ollscoil Loughborough staidéar agus fuarthas gurbh é geimhreadh 2013/2014 an geimhreadh ba

stoirmí le 143 bliana anuas nuair a smaoinítear faoi mhinicíocht agus dhéine na stoirmeacha i dteannta a chéile. Cé go bhfeictear stoirmeacha Atlantacha agus gaotha láidre gach geimhreadh, eisceacht a bhí sa stoirm a bhí againn ar an 12 Feabhra i mbliana. Braitheadh meánluais ghaoithe os cionn fórsa stoirme (90km/h) go forleathan i gcontaetha chósta an iardheiscirt agus an iarthair ó Chorcaigh go Maigh Eo. Bhí séideáin os cionn 110km/h le brath go forleathan ar fud dheisceart na tíre; chonacthas séideáin os cionn 130km/h i go leor stáisiún, agus rinneadh taifead ar an séideán ba mhó de 160km/h in Aerfort na Sionna. Ní minic a tharlaíonn stoirmeacha chomh dian sin in Éirinn; ba iad na himeachtaí comparáideacha ba dheireanaí ná na stoirmeacha ar an 24 Nollaig 1997 agus ar an 26 Nollaig 1998 agus ó thaobh na staire de rinneadh dochar mór ar fud na hÉireann agus i gcodanna den Bhreatain le linn “Oíche na Gaoithe Móire” ar an 6/7 Eanáir 1839 agus rinneadh dochar millteanach de bharr stoirmeacha eile le linn mhí Feabhra 1903 freisin. Cé go bhfuil fianaise ann a thabharfadh le fios go bhfuil stoirmeacha ag tarlú níos minice, maidir le stoirmeacha an gheimhridh 2014, d’fhéadfaí a mheas nach dtarlaíonn siad ach uair amháin gach céad bliain.

8. Cé chomh mór is a bhí an dochar a rinneadh de thoradh aimsire cruá le blianta beaga anuas?

Ba é tionchar airgeadais measta iomlán na stoirmeacha troma i 2013/2014 ó thaobh dochair don bhonneagar poiblí ná €61.472m don tréimhse d’aimsir throm ón 13 Nollaig 2013 go dtí an 6 Eanáir 2014. Rinneadh dochar sách mór de €6.95m don bhonneagar iompair i rith 2013/2014 agus rinneadh dochar breise de €1.2m ar bhonneagar an OPW. Chúitigh an DHPCLG €18m breise um chostais ghlanta agus deisiúcháin riachtanacha láithreacha tar éis na n-imeachtaí tuilte troma i 2015/2016 a bhí ar siúl ó thús mhí na Nollag go lár mhí Eanáir.

Cuireadh €110 milliún san iomlán ar fáil le haghaidh na n-oibreacha deisiúcháin a bhí riachtanach mar gheall ar an aimsir throm I 2015/16:

- Rinneadh €8 a leithdháileadh ar Transport Infrastructure Ireland le haghaidh oibreacha ar bhóithre náisiúnta a ndearnadh dochar dóibh mar gheall ar na stoirmeacha agus na tuilte
- Rinneadh €8 milliún a leithdháileadh ar Iarnród Éireann le haghaidh deisiúchán ar bhonneagar iarnróid a ndearnadh dochar dó.
- €94 milliún le haghaidh bóithre réigiúnacha agus áitiúla

Bhí an méid iomlán de €110m déanta suas d’airgead breise ar luach €96m ón Rialtas agus €14m a leithdháileadh ó na deontais bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.

9. Cén tionchar a bhí ag tuilte 2015/2016?

Ba i mí na Samhna 2015 a thosaigh an bháisteach eisceachtúil arbh é an méid báistí ba mhó riamh a taifeadadh i roinnt ceantar agus a bhí freagrach as na tuilte ba mheasa i stair na hÉireann agus lean sí ar aghaidh suas go dtí tús mhí Eanáir 2016. Le linn na tréimhse sin d’aimsir chrua chonacthas sraith de Stoirmeacha Atlantacha a raibh ina measc na Stoirmeacha Desmond, Eva agus Frank. Bhí iomláin na báistí i gcaitheamh na tréimhse combhionann le 189% den ghnáthleibheál rud a chiallaigh gurbh é an geimhreadh ba fhliche a taifeadadh riamh.

Ba iad na ceantair ba mhó a buaileadh ná an t-iarthar, an t-iardheisceart agus na ceantair ar an tSionainn agus a cuid fo-aibhneacha agus ina dhiaidh sin an t-Oirdheisceart. Chuaigh tithe agus gnóthais faoi uisce, bhí tionchar mór ag an aimsir ar naisc iompair agus cuireadh isteach ar shaol laethúil daoine i go lear ceantar sa tír. Ceann de na gnéithe ba shuntasáí den éigeandáil aimsire cruá sin ná a fhaide is a mhair sé, agus tuilte fós le feiceáil i roinnt ceantar suas go hAibreán 2016 agus go deimhin níos deireanaí ná sin i réigiúin turlaigh Oirthear na Gaillimhe.

Ba mhór an dúshlán iad na tuilte do na gníomhaireachtaí freagartha agus baineadh leas as fearas cuí an stáit.

Chonacthas éifeachtaí ba mheasa agus ba shoiléire na dtuile sna tithe agus gnóthais a ndearnadh dochar dóibh ag uisce tuile agus i gcinn eile a bhí sáinnithe ar feadh thréimhsí fada ama. Cuireadh isteach go mór ar an mbonneagar iompair agus rinneadh an t-uafás dochair, don ghréasán bóithre go príomha. Chuaigh codanna móra d'fheirmeacha faoi uisce, rud a chuaigh i bhfeidhm ar ghníomhaíocht talmhaíochta agus arbh cúis inní é ó thaobh leas ainmhithe.

Beidh tuarascáil iomlán ar thuilte 2015/2016 ar fáil ar láithreán gréasáin an DHPCLG go luath.

10. Cad a rinneadh chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla le linn na dtuile?

Ba é an beartas a bhí i bhfeidhm ó cuireadh tús le húsáid a bhaint as an gCreat um Bainistiú Móréigeandálaí, ina bhfuil údaráis áitiúla ainmnithe mar Phríomhghíomhaireacht Freagartha, ná caiteachas neambhuiséadaithe údaráis áitiúil a fháil ar ais i ndáil leis an bhfreagairt ar éigeandálaí móra de gach saghas agus an glanadh ina ndiaidh. Cuireadh an cur chuige sin i bhfeidhm tar éis na dtuile troma i mí na Samhna 2009, an dá thréimhse d'aimsir an-fhuar i mí Eanáir agus i mí na Nollag 2010 agus na stoirmeacha geimhridh i 2013/14 agus arís eile i gcás tuilte gheimhreadh 2015/2016.

Chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar luach €18m ar fáil chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla na costais eisceachtúla sin a sheasamh nach raibh siad in ann a sheasamh leis na hacmhainní a bhí acu cheana féin maidir le tuilte 2015/2016.

Beidh tuarascáil iomlán ar thuilte 2015/2016 ar fáil ar láithreán gréasáin an DHPCLG go luath.

11. Cén ceachtanna a foghlaimíodh ón taithí dheireanach?

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach tar éis na haimsire fuairé crua i 2009/10. Rinneadh roinnt moltaí sa Tuarascáil Athbhreithnithe, a d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil. Tá cuid mhór díobh sin curtha i bhfeidhm. Moltaí fadtéarmacha atá i gcuid acu agus tá Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála ag féachaint thar chur i bhfeidhm na moltaí sin. I measc na moltaí sin, inter alia, bhí córais rabhaidh aimsire níos fearr, méadú ar stoic salainn um leathadh grin ar bhóithre, socruithe feabhsaithe chun tosaíocht a thabhairt do chosáin phoiblí agus iad a ghlanadh, socruithe níos fearr chun déileáil le feithiclí tréigthe ag acomhail mhótarbhealaigh ach go háirithe, treoirlínte nua le haghaidh údarás áitiúil i dtaobh scaipeadh grin le haghaidh leathadh grin ar bhonn áitiúil, eolas níos fearr don phobal agus naisc níos láidre leis an lucht gnó agus le feirmeoirí.

Sa tuarascáil ar thuilte 2015/2016 a bheidh ar fáil go luath tá moltaí eile chun an fhreagairt ar aimsir chrua agus thuilte troma a fheabhsú níos mó.

12. Céard atá déanta ag an Rialtas chun ullmhú?

Is é ról Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála ná cinntiú go bhfuil na ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla comhordaithe. Ag an gcruinniú a bhí ag Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála ar maidin thug na Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha go léir coimrí maidir leis na céimeanna a glacadh chun bheith ullamh. Bíonn gach Roinn/Gníomhaireacht ar fáil chun coimrí a thabhairt do na meáin chumarsáide.

13. Cé atá freagrach as freagairtí a thabhairt ar éigeandáil a bhaineann leis an aimsir?

Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil freagrach as ceannas a ghlacadh ar an bhfreagairt ar éigeandálaí a bhaineann leis an aimsir. Bíonn ról tacaíochta mór ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt toisc gurb é iompar ceann de na príomhréimsí a mbíonn tionchar ag aimsir chrua uirthi. Bíonn Oifig na nOibreacha Poiblí i gceannas ar chosaintí in aghaidh tuilte agus tionscadail bhonneagair a fhorbairt i gceantair a dtarlaíonn tuilte iontu go minic.

Le linn na tréimhse fada d'aimsir chrua i 2010, bhí an Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Aimsir Chrua faoi cheannas an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus bhí cruinnithe aige gach lá san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála le linn an ama sin. Dhírigh an Grúpa ar chinntiú go dtabharfaí freagairt chomhordaithe “Rialtais Uile” ar an aimsir; ar thacaíocht ardleibhéil a thabhairt do na freagróirí túslíne; ar dhul i ngleic le fhadhbanna de réir mar a tháinig siad chun cinn; agus ar chinntiú gur tugadh comhairle thráthúil agus chruinn don phobal i gcoitinne. Tháinig an grúpa céanna le cheile níos mó ná deich n-uaire le linn Eanáir agus Feabhra 2014 chun déileáil leis na Stoirmeacha Atlantacha a chuaigh trasna na tíre go tapa, agus a chríochnaigh leis an stoirm mhór a raibh dochar millteanach agus briseadh leictreachais i go leor ceantar mar thoradh uirthi. I gcás go dtiocfadh an gá chun cinn, tionólfar an Grúpa sin an geimhreadh seo.

Is iad na freagróirí túslíne ná na hÚdaráis Áitiúla, an Garda Síochána agus an FSS agus tacaíocht acu ó Óglaigh na hÉireann, na seirbhísí éigeandála deonacha, daoine aonair agus grúpaí pobail a chabhraíonn leo.

14. An dtugann Údaráis Áitiúla rabhaidh?

Cuireann roinnt Údarás Áitiúil seirbhís teachtaireachtaí téacs SMS ar fáil d'fhóin phóca le haghaidh a gceantar agus is féidir leat clárú di. Cuireann údaráis eile sonraí ar fáil ar a gcuid leathanach gréasáin agus ar na meáin shóisialta trí mheán Twitter agus Facebook.

15. Cad a tharlóidh má bhíonn geimhreadh crua againn arís?

Má bhíonn tréimhse eile d'aimsir chrua againn cuirfear an Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Aimsir Chrua i ngníomh arís san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála agus tógfaidh sé le cheile na Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha go léir chun freagairt “Rialtais uile” a fhorbairt. Cuimseoidh sé sin clár cuimsitheach eolais phoiblí.

16. Cé chomh fada roimh ré is a fhéadann Met Éireann aimsir chrua a thuair?

Déanann Met Éireann monatóireacht ar fhorbairtí san aimsir suas go dhá sheachtain roimh ré. Is gnách go dtiocfaidh aimsir chrua fhéideartha chun solais thart ar sheachtain amháin sula dtarlóidh sí, agus ansin déantar monatóireacht uirthi ar feadh lá nó dhó chun féachaint go mbíonn na réamhaisnéisí á n-athrú i gcónaí. Is gnách go dtugann Met Éireann rabhadh neamhfhoirmiúil sna réamhaisnéisí poiblí thart ar 5 lá roimh ré, ach ní thugann siad rabhaidh foirmiúla go dtí thart ar dhá go trí lá roimh ré mar bítear níos soiléire faoin am sin maidir le méid na gceantar a bheidh buailte ag an aimsir agus troime na gcoinníollacha a bhfuiltear ag súil leo.

17. An bhfuil athrú ag teacht ar an aeráid?

Cé nach bhfuil aon amhras ach go bhfuil athrú ag teacht ar an aeráid dhomhanda, agus go bhfuil an fhianaise soiléir ach go háirithe i gceantair mar an Artach, mar gheall ar ionad sa hÉireann sna leithid láir cosnaítear muid ó na hathruithe móra atá le feiceáil in áiteanna eile. Tugtar le tuiscint de réir an taighde go dtiocfaidh athruithe suntasacha ar aeráid na hÉirinn le linn an chéid seo, ach nach mbeidh na hathruithe sin le brath go soiléir ó bhliain go chéile. Mar sin, níl aon chúis le glacadh leis gur féidir le haimsir chrua na ngeimhreadh deireanach (tuilte, aimsir an-chrua, gaotha láidre agus ansin tuilte arís) aon eolas úsáideach a thabhairt dúinn maidir leis an ngeimhreadh atá romhainn, toisc go mbíonn an aimsir ag athrú go mór ó bhliain go chéile ag an leithead ag a bhfuilimid suite.

18. Nach raibh go leor stoirmeacha againn an geimhreadh seo caite?

Ba i ngeimhreadh 2015/16 a d'ainmnigh Met Éireann den chéad uair, i dteannta leis an Met Office sa Ríocht Aontaithe, stoirmeacha mar bheith os cionn leibhéal áirithe troime.

Ainmníodh 11 stoirm san iomlán le linn na tréimhse ó Dheireadh Fómhair go hAibreán, ach ní raibh Éire buailte ag na stoirmeacha sin go léir – i gcás cuid acu níor buaileadh ach codanna den RA. Leis na stoirmeacha úd i mí na Nollag, áfach – Desmond, Eva agus Frank – thit báisteach uafásach trom agus mar gheall uirthi bhí tuilte le feiceáil ar fud an dá oileáin. Ní raibh 2015/16 baol ar chomh dona is a bhí geimhreadh 2013/14 ó thaobh gaoth láidir, ach bhí na tuilte níos measa.

19. An mbeimid ag ainmniú stoirmeacha an geimhreadh seo?

Sea, úsáidfean an comhscéim um ainmniú stoirmeacha arís eile an geimhreadh seo. Tá na hainmneacha don séasúr atá romhainn le feiceáil ar láithreán gréasáin Mhet Éireann. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb í an aidhm atá i gceist le hainmniú stoirmeacha ná feasacht a ardú i measc an phobail maidir le himeacht aimsire crua atá le teacht, ionas gur féidir leo céimeanna a ghlacadh chun nach mbeidís i mbaol.

20. An dóigh go mbeidh tuilte againn arís an geimhreadh seo?

Guais rialta a bhaineann leis an ngeimhreadh atá i dtuilte agus is annamh go dtéann geimhreadh thart gan roinnt tuilte, ach is gnách nach dtarlaíonn siad ach i réigiúin réasúnta beag. Maidir leis na tuilte a bhí againn i 2015, chomh maith leis na tuilte i 2009, imeachtaí an-chrua a bhí iontu, agus ba ghnách go ndéanfaí níos faide iad mar gheall ar chnardh báistí i gcaitheamh go leor seachtainí agus ina dhiaidh sin imeacht amháin báistí troime nó níos mó. Faoi láthair níl aon chúis ar leith le bheith ag súil go mbeidh an geimhreadh seo cosúil leis an ngeimhreadh seo caite.

21. Conas is féidir linn eolas a fháil faoi bhriseadh soláthar cumhachta?

Ní minic a bhristear soláthairtí cumhachta, ach nuair a tharlaíonn siad is gá do chustaiméirí a fháil amach go tapa agus go héasca cathain a thiochfaidh a gcuid cumhachta ar ais. Bealach éasca le haghaidh custaiméirí chun an t-eolas sin a fháil ná “Powercheck” de chuid ESB Networks. Feidhmchlár ó ESB Networks é Powercheck a thugann tuairiscí do chustaiméirí maidir le briseadh ar an soláthar cumhachta idir briseadh atá beartaithe agus nach raibh beartaithe. Tá an Feidhmchlár saor in aisce sin inrochtana do iPhones agus fóin chliste Android agus ar líne ag: www.esbpowercheck.ie

22. An gcuirfidh an aimsir chrua isteach ar sheirbhísí iompair?

Is amhlaidh i gcónaí go bhféadfadh imeachtaí aimsire crua ar nós sneachta throm, oighir trom agus tuilte cur isteach ar sheirbhísí iompair. Tá pleananna freagartha i bhfeidhm ag ár gcuid oibreoirí agus gníomhaireachtaí iompair, áfach, i gcás go mbíonn aimsir chrua againn. Tá sé beartaithe ár ngréasán bóithre náisiúnta, ár gcuid iarnród agus rúidbhealaí aerfoirt a choimeád oscailte an oiread is féidir, agus an pobal a choimeád ar a eolas faoi fhorbairtí le linn aon tréimhse d’aimsir chrua.

23. Cá háit ar féidir liom Sonraí Teagmhála a fháil le haghaidh Oibreoirí Iompair?

Cuirtear sonraí teagmhála le haghaidh oibreoirí ar fáil ar na láithreáin gréasáin winterready.ie agus sa leabhrán “Bí Ullamh don Gheimhreadh” a bhíonn ar fáil ar líne ar an dá láithreán gréasáin www.dttas.ie atá éasca le húsáid le haghaidh na láithreán go léir thuas de chuid oibreoirí/Gníomhaireachtaí Iompair Phoiblí mar AA Roadwatch agus Stáisiún Raidió Áitiúla. Cuirfean an t-eolas sin suas le linn imeachtaí aimsire crua. Is féidir sonraí a fháil sa ‘Transport Information Guide during Severe Weather 2016 – 2017’ ar an leathanach baile.

24. Conas is féidir liom seiceáil an rithfean mo Bhus/Thraein/Luas?

Tá roinnt roghanna agat. Ar dtús éist leis na stáisiún raidió náisiúnta agus áitiúla a thugann an t-eolas is deireanaí ó na hoibreoirí iompair dá lucht éisteachta le linn imeachtaí

aimsire cruu. Féadann tú rochtain a fháil ar www.dttas.ie ar líne agus ar an láithreán gréasáin sin beidh tú in ann dul chuig cibé oibreoir iompair phoiblí a bhfuil tú ag iarraidh a sheiceáil. Ar www.transportforireland.ie tugtar eolas réadama le haghaidh iompair i gceantar Bhaile Átha Cliath. Féadann tú rochtain dhíreach a fháil ar na hoibreoírí ar a gcuid láithreán gréasáin féin agus coimeád suas le dáta ar a gcuid Meán Sóisialta. Maidir leis na baill sin den phobal nach bhfuil rochtain idirlín acu ba cheart daoibh an t-eolaire gutháin a sheiceáil um uimhreacha gutháin seirbhíse custaiméara le haghaidh na n-oibreoírí iompair i do cheantar. Déantar iarracht uaireanta oscailte na seirbhísí sin a fhadú le linn aimsire cruu.

25. Conas is féidir liom eolas a fháil faoi staid na mbóithre?

I gcás aimsire cruu, is féidir sonraí faoi staid na mbóithre a fháil ar láithreán gréasáin Transport Infrastructure Ireland, www.tii.ie, www.tiitraffic.ie agus na n-údarás áitiúil tríd na láithreáin ghréasáin www.dttas.ie agus www.winterready.ie. Cuirfidh na stáisiúin raidió agus na meáin náisiúnta agus áitiúla sonraí ar fáil freisin.

26. Cén chéimeanna ar féidir liom a ghlacadh chun ullmhú don gheimhreadh atá romhainn?

Tá go leor leidí cuiditheacha sa leabhrán agus ar an láithreán gréasáin Bí Ullamh don Gheimhreadh maidir le conas ullmhú don gheimhreadh atá romhainn ag www.winterready.ie. Ba cheart duit smaoineamh ar phlean pearsanta, teaghlaigh agus/nó gnó a ullmhú don gheimhreadh seo agus d'imeachtaí aimsire cruu.

27. An leor na soláthairtí salainn atá againn chun ár gcuid bóithre a choimeád oscailte?

Is leor. Ag tús an gheimhridh seo beidh 240,000 tona de shalann ar fáil in ionaid straitéiseacha ar fud na tíre. Mar chomparáid, baineadh úsáid as 96,000 tona de shalann an gheimhreadh seo caite agus baineadh úsáid as 130,000 tona le linn an gheimhridh fhíorchrua 2010/2011. Bhí na soláthairtí salainn an-srianta le linn gheimhreadh 2010/2011 áfach. Tá soláthar i bhfeidhm freisin chun stoic bhreise a chur ar fáil i gcás go mbeadh níos mó ag teastáil cé nach dóigh go dtarlóidh sé sin. Tá Pleananna Cothabhála Geimhridh i bhfeidhm ag na hÚdaráis Áitiúla don gheimhreadh atá romhainn, agus iad dírithe ar ár gcuid bealaí náisiúnta agus straitéiseacha a choimeád ar oscailt i gcás go mbeadh aimsir chrua chun cinn.

28. Cé mhéad céachtaí sneachta agus leatóirí salainn atá againn sa tír?

Tá 335 Chéachta Sneachta agus 347 Leatóirí Salainn suite ar fud na tíre.

29. Conas is féidir liom a sheiceáil ar leagadh salann/grean ar an mbealach a mbím féin ag taisteal air?

Sula dtarlaíonn imeacht aimsire cruu beidh sonraí foilsithe ag do chomhairle áitiúil ar a gcuid láithreán gréasáin faoi na bealaí tosaíochta a bheidh á gcóireáil le linn aimsire cruu. Clúdaíonn gnáthchothabháil gheimhridh 18,000km san iomlán dár gcóras bóithre 96,000km. Ní féidir an gréasán bóithre iomlán a chóireáil. Ina theannta sin soláthraíonn Stáisiún Raidió Náisiúnta/Áitiúla agus AA Roadwatch eolas suas le dáta. Má tá an córas mótarbhealaigh á úsáid agat féadann tú rochtain a fháil ar phictiúir bheo de choinníollacha ar do bhealach féin trí láithreán gréasáin an TII a sheiceáil. Tá nasc le láithreán ghréasáin na n-údarás áitiúil go léir ar fáil ar an láithreán gréasáin www.dttas.ie.

30. Cá háit ar féidir liom eolas a fháil faoi aerfoirt?

Tugann ár gcuid aerfort go leor eolas faoi theacht/imeacht ar a gcuid láithreán gréasáin. Tá nasc leis na láithreáin ghréasáin sin ar fáil ar www.dttas.ie.

Nuair a tharlaíonn imeacht aimsire cruá déan cinnte seiceáil le do chuideachta aerlíne an ndearnadh aon athruithe. Chomh maith leis sin bíonn na stáisiúin raidió náisiúnta/áitiúla an-úsáideach maidir le heolas suas le dáta a thabhairt.

31. An ceart dom mo chosán a ghlanadh má thiteann sneachta?

Sea, moltar do gach sealbhóir tí agus gnó sneachta agus oighear a ghlanadh os comhair a gcuid áitreabh féin. Cabhróidh sé sin le gach duine sa phobal dul thart ar bhealach níos sábháilte. Tugtar comhairle ar an láithreán gréasáin ar conas an tasc sin a dhéanamh agus, ar ndóigh, ná glan sneachta ach má tá dóthain muiníne agat chun é a dhéanamh agus mura bhfuil aon riocht míochaine ort.

32. An bhféadfadh go ndéanfaí agair orm dá nglanfainn mo chosán agus dá dtitfeadh duine ina dhiaidh sin?

Ní hamhlaidh, mar fhreagra ar inní le linn na tréimhse deireanaí de shneachta trom i ndáil le dliteanais a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le haghaidh úinéirí gnó agus tí, fuarthas comhairle ón Ard-Aighne nach dtagann aon dliteanas chun cinn áit a nglantar cosáin ar bhealach sábháilte. Tá feidhm ag an gcomhairle chéanna maidir le leathadh grin ag saorálaithe ar bhóithre áitiúla – .i. nach dtagann dliteanas chun cinn áit a dhéantar an t-ábhar a sheachadadh, a stóráil agus a úsáid go sábháilte agus nach mbíonn guais ag baint leo.

33. Cad é Beartas an Rialtais maidir le Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte?

Déanann Oifig na n-Oibreacha Poiblí (OPW) comhordú ar chur chuige uile-Rialtais na hÉireann i dtreo bhainistíocht riosca i gcás tuilte thar thrí réimse straitéiseach agus beartais:

- Cosc trí mheán tógáil a sheachaint i gceantar a dtarlaíonn tuilte iontu go minic.
- Cosaint trí bhearta indéanta a ghlacadh, idir bearta struchtúracha agus neamhstruchtúracha, chun dóchúlacht agus tionchar tuilte a laghdú.
- Ullmhacht tríd an pobal a chur ar a n-eolas faoi dhéileáil le riosca tuilte agus tuilte. Cloíonn an Bhainistíocht Riosca i gcás Tuilte de chuid na hÉireann le dea-chleachtas ar fud an domhain agus ar an mbóthar ceart dar leis an bhfoireann cháiliúil Dhúitseach um Laghdú Riosca a rinne Piarmheasúnú ar chur chuige na hÉireann i dtreo bhainistíocht riosca i gcás tuilte. Sa tagarmharc Dúitseach ar bheartas na hÉireann de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta tugadh tuairisc ar ár gcuid éachtaí ríthábhachtacha go dtí seo a raibh ina measc:
 - go raibh próifiliú déanta againn ar na príomhcheantair ina bhfuil riosca tuilte, tríd an gclár CFRAM.
 - infheistíocht mhór ag an Rialtas ar luach beagnach €400m ó 1995 chun dochar ó thuilte a laghdú,
 - tabhairt isteach threoirlínte pleanála i 2009 ionas nach dtógann muid ar thuilemhánna a thuilleadh, agus
 - ár ndul chun cinn maidir le déileáil le himeachtaí tuilte.

34. Cé atá freagrach as oibreacha um chosaint in aghaidh tuilte?

Go stairiúil, díríodh bainistíocht riosca i gcás tuilte ar dhraenáil talún ar mhaithe le feabhsú talmhaíochta. Faoin Acht Siltin Airtéirigh, 1945, tugadh an OPW 34 scéim siltin airtéirigh chun críche chomh maith le 5 scéim um chlaífoirt inbhir idir 1945 agus 1995. Leanann an OPW ar aghaidh ag déanamh cothabhála ar níos mó ná 11,500km de chainéil, 730km de chlaífoirt, 18,500 droichead agus 750 struchtúr coimhdeach mar loc-chomhlaí, stáisiúin chaidéalaithe agus baráistí taoide, trína dtugtar cosaint do thart ar 650,000 acra (265,400 heicteár) de thalamh a bhaineann tairbhe astu. Is iad na hÚdaráis Áitiúla atá freagrach as scéimeanna draenála a tógadh roimh 1945.

Mar gheall ar an méadú ar uirbiú, leasaíodh an tAcht Siltin Airtéirigh, 1945 i 1995 chun ceadú don OPW scéimeanna áitiúla um fhaoiseamh ó thuilte chun cosaint ó thuilte a chur ar fáil do chathracha, bhailte agus shráidbhailte. Ó bhí 1996 ann, tógadh 37 mórscéim um chosaint ó thuilte ar fud na tíre. Faoi dheireadh 2016, beidh 12 scéim nua á dtógáil agus beidh 25 scéim eile ag an gcéim deartha agus pleanála agus cuirfear ar aghaidh iad chuig an gcéim tógála i gcaitheamh na 3-4 bliana romhainn. Tosófar tógáil ar an scéim is mó a thabharfar fúithi riamh sa tír i gCathair Chorcaí an bhliain seo chugainn.

Oibríonn an OPW i gcomhpháirt le hÚdarás Áitiúla chun mórscéimeanna uirbeacha um chosaint ó thuilte a chur ar fáil agus freisin tacaíonn sé le cur ar fáil tionscadal áirithe áitiúil um fhaoiseamh ó thuilte áit ar féidir réiteach a aithint agus a bhaint amach go héasca le linn tréimhse ama gairid faoin Scéim um Mionoibreacha um Maolú Tuilte agus Chosaint Cósta.

35. Cad atá sa scéim um Mionoibreacha um Maolú Tuilte & Chosaint Cósta?

Is é an t-Údarás Áitiúil atá freagrach, ar an gcéad dul síos, as fadhbanna áitiúla le tuilte a fhiosrú agus as dul i ngleic leo. D'fhéadfadh an t-Údarás Áitiúil oibreacha um maolú tuilte agus chosaint cósta a dhéanamh agus a chuid acmhainní féin á n-úsáid acu. Freisin féadfaidh na hÚdarás áitiúla iarratas ar mhaoiniú a dhéanamh don OPW faoin Scéim um Mionoibreacha um Maolú Tuilte & Chosaint Cósta. Faoin scéim sin cuirtear maoiniú ar fáil d'Údarás Áitiúla chun tabhairt faoi mhionoibreacha nó staidéir maidir le maolú tuilte, ar chostas de níos lú ná €0.5m in aghaidh an cheann, chun dul i ngleic le fadhbanna áitiúla maidir le tuilte agus chosaint cósta laistigh dá gcuid ceantar riaracháin. Déantar measúnú ar na critéir incháilitheachta go léir faoin Scéim, lena n-áirítear ceanglas go mbeadh na bearta go léir tairbhiúil ó thaobh costais, agus ag féachaint chuig fáil cistí don OPW ar an iomlán. Ó bunaíodh an scéim sin i 2009, tá maoiniú de €35m faofa ag an OPW le haghaidh os cionn 550 tionscadail.

36. Cad atá á dhéanamh ag an Rialtas chun éifeachtaí na dtuilte a mhaolú?

Tá na príomh-mheicníochtaí freagartha um éigeandálaí tuile leagtha amach sa Chreat um Bainistiú Móréigeandálaí, féach www.mem.ie. Tugtar sonraí faoi na bearta sin freisin sa leabhrán Bí Ullamh don Gheimhreadh. Tugtar sonraí ar an láithreán gréasáin flooding.ie freisin faoi na bearta ullmhúcháin ar féidir leis an sealbhóir tí a ghlacadh chun a dteach a chosaint níos fearr ó sceitheadh tuilte

Is í Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) an treoir-roinn maidir le riosca i gcás tuilte a bhainistiú. D'aontaigh an Rialtas ar leithdháileadh méadaithe um fhaoiseamh ó thuilte ar luach €430m i gcaitheamh na tréimhse 2016-2021 agus méadófar an leithdháileadh bliantúil buiséid ó €45m go €100m faoi 2021. Déanfaidh an clár caipitil um chosaint ó thuilte 2016 – 2021 ar an infheistíocht mhór de €460m a caitheadh cheana féin in oibreacha um fhaoiseamh ó thuilte ar fud na tíre le 20 bliain anuas agus cuirfidh sé bealach ar fáil chun cosaint indéanta a thabhairt do thithe agus ghnóthais i mórcheantair uirbeacha i dteannta le hinfheistíocht i go leor tionscadal um mionoibreacha chun déileáil le fadhbanna tuilte áitiúla.

Téann an OPW i ngleic ar bhonn leanúnach leis na Príomhghíomhaireachtaí Freagartha chun cinntiú go roinnfear dóthain faisnéise faoi shonraí ar riosca tuilte agus éireoidh sé sin níos spriocdhírthe nuair a thiocfaidh faisnéis shonrach chun cinn ón gClár CFRAM. Aontaíodh ar phlean cur i bhfeidhm don chéad chéim den tSeirbhís Náisiúnta um Réamhaisnéis agus Rabhadh Tuile tar éis gur chinn an Rialtas ar an 5 Eanáir 2016 an tSeirbhís Réamhaisnéis Tuile a bhunú i Met Éireann i gcaitheamh na 4-5 bliana atá romhainn. Bainfear úsáid as córais agus socruithe um réamhaisnéis agus rabhadh tuile atá i bhfeidhm cheana féin agus an Córas Eorpach um Fheasacht faoi Thuilte go dtí go mbeidh an tSeirbhís nua bunaithe go hiomlán.

37. Cad atá sa chlár um Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte

Dobharcheantair (CFRAM)

Tionscnamh a d’eascair ón Athbhreithniú Náisiúnta ar an mBeartas i leith Tuilte (2004) é an clár CFRAM agus comhlíonfaidh sé ceanglais Threoir an AE i leith ‘Tuilte’ (2007). Tá an Clár CFRAM dírithe ar 300 áit ina bhfuil riosca mór féideartha, a dtugtar Ceantair um Measúnú Breise (Areas for Further Assessment/AFAnna) orthu. Aithníodh na AFAnna trí mheán cleachta scagtha ar fud na tíre, an Réamh-mheasúnú Riosca Tuilte Náisiúnta (Preliminary Flood Risk Assessment/PFRA) le haghaidh ceantar ina bhféadfadh go mbeadh an pobal go mór i mbaol mar gheall ar thuilte. Rinneadh an PFRA in Éirinn i 2011 tar éis comhairliúcháin phoiblí.

Cuirfidh na léarscáileanna tuilte a dhéanfar tríd na Staidéir CFRAM leis na léarscáileanna tuilte reatha a dhéanann an OPW (www.floodmaps.ie) agus leis na léarscáileanna náisiúnta tascacha um thuilte abhann, cósta, báistiúla agus uisce talún a cuireadh ar fáil do na húdaráis áitiúla ar fud na tíre roimhe sin. Beidh léarscáileanna tuile a dhéanfar faoin gClár CFRAM ina n-acmhainn luachmhar um pleanáil éigeandáil agus freagairt i gcás imeachtaí tuilte.

Tá 29 Dréachtphlean um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte ullmhaithe anois agus bearta indéanta molta iontu ar féidir déileáil ar bhealach cuimsitheach agus inbhuanaithe leis na rioscaí móra tuile a aithníodh. Tabharfar tosaíocht do na bearta sonracha sin chun an clár fadtéarmach infheistíochta le haghaidh bhainistíocht riosca i gcás tuilte in Éirinn a shocrú. Eisíodh na Dréachtphleananna um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte le haghaidh comhchomhairle leis an bpobal ar bhonn leanúnach ó mhí Iúil ar aghaidh agus is cloch mhíle thábhachtach é mar chuid den chlár CFRAM. Tá sé an-tábhachtach mar sin, go rachadh an oiread daoine agus ab fhéidir – pobail áitiúla, gnóthais agus grúpaí comhshaoil i mbun an phróisis comhchomhairle sin chun bonn eolais a chur ar fáil do na pleananna airgeadais.

Is toradh iad na Pleananna sin ar an staidéar ba mhó a bhaineann le tuilte den chineál sin a rinneadh sa tír seo, a chuimsíonn na blianta fada de shonraí faoi bháisteach agus leibhéal an uisce, na mílte ciliméadar de shuirbhéanna ar aibhneacha agus thuilemhánna, agus cuid mhór anailíse agus samhltú ag Innealtóirí an OPW.

Tabharfaidh OPW na Pleananna chun críche, agus í ag tógáil san áireamh aighneachtaí a fuarthas le linn an phróisis chomhchomhairle sin agus ansin beidh sé riachtanach faomhadh ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil sula nglacfaidh na húdaráis Áitiúla leo. Cuirfear liosta tosaíochta scéimeanna i bhfeidhm a bheidh le cur ar aghaidh chuig an gcéim deartha shonraigh agus tógáil thar an gcúpla bliain amach romhainn.

38. An mbeidh Seirbhís Réamhaisnéis Tuilte ag Éirinn?

Tar éis Chinneadh Rialtais i mí Eanáir 2016, tá Seirbhís náisiúnta um Réamhaisnéis Tuilte á bunú mar aonad oibriúcháin nua i Met Éireann agus is é an OPW a fhéachfaidh thar an treoir um chaighdeán agus fheidhmíocht. Nuair a bheidh sí i bhfeidhm go hiomlán, bainfidh pobail agus daoine aonair an-leas as an tseirbhís sin ó thaobh ullmhú i gcomhar tuilte agus a dtionchar a laghdú.

Beidh an tseirbhís ag plé le réamhaisnéis tuilte ó fhoinsí abhann agus cósta nuair a bhunófar í agus is é a bheidh i gceist léi ná réamhaisnéisí tuilte agus foláirimh ghinearálta a eisiúint ar leibhéal náisiúnta agus do bharcheantair araon.

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun bunú na seirbhíse nua a stiúradh, chun tacú leis agus féachaint thairis agus tá plean cur i bhfeidhm aontaithe arís. Beidh roinnt céimeanna i gceist le cur i bhfeidhm, lena n-áireofar céim bhunaithe tosaigh (atá beartaithe le bheith críochnaithe faoi R3 2018) agus céim fhorbartha agus thrialach (atá beartaithe le bheith críochnaithe faoi R1 2020). Mar gheall ar an gcastacht a bhaineann leis an tseirbhís nua

sin a bhunú, a dhearadh, a fhorbairt agus a thástáil, meastar go dtógfaidh sé 4-5 bliana sula mbeidh sí i bhfeidhm go hiomlán.

Chun an t-amscála a theastaíonn chun acmhainn oibriúcháin iomlán na seirbhíse a thógáil san áireamh, chomh maith leis an ngéarghá le seirbhís den sórt sin ar fud na tíre, tá lucht an Ghrúpa Stiúrtha ag féachaint ar roghanna um fhorbairt phras acmhainne trí chomhar le soláthraithe meitéareolaíocha nó soláthraithe seirbhísí bainteacha ar fud an tíre a bhfuil taithí acu ar réamhaisnéisí oibriúcháin tuilte.

Idir an dá linn, coimeádfar córais agus socrúithe atá i bhfeidhm cheana féin um réamhaisnéis agus rabhaidh tuilte.

39. Cad é ról an Ghrúpa Comhordaithe Idir-Rannach ar an mBeartas um Thuilte?

Is é ról an Ghrúpa ná cur chuige Uile-Rialtais a ghlacadh i dtreo cheist an Bheartais Tuile. Déanann an tAire Stáit um Oifig na n-Oibreacha Poiblí agus Faoiseamh ó Thuilte cathaoirleacht ar an nGrúpa agus tá sé déanta suas d'ionadaithe ó 7 roinn Rialtais a bhfuil freagracht eárnála acu.

I dteannta leis an gclár 10 mbliana de scéimeanna um chosaint ó thuilte a dtabharfaidh an OPW tosaíocht dóibh trí CFRAM, tá an Grúpa ag machnamh ar raon de bhearta neamhstruchtúracha agus de bheartais eile a bhfuil ina measc árachas, frithsheasmhacht pobal, cosaint maoinne daoine aonair agus aistriú deonach chuig tithe nua. Tá eolas faoin nGrúpa ar fáil ar láithreán gréasáin an OPW (www.opw.ie).

Tá an toradh tosaigh ón dá thionscadal um Chosaint Maoine Daoine Aonair a d'fhógair an Rialtas i mí Eanáir 2016, i gCill Chainnigh agus i gCrois Mhaoilíona, le teacht níos deireanaí i mbliana. Cuirfidh siad siúd bonn eolais faoi scéimeanna Rialtais chun tacú le CMDA agus aon aistriú deonacha chuig tithe/feirmeacha nua faoi seach mar chuid d'infheistíocht fhoriomlán tosaíochta beartaithe chun an riosca i gcás tuilte ar fud na tíre a bhainistiú.

40. Cad é Straitéis an Rialtais maidir le hárachas tuilte?

Cé nach bhfuil sé de chumhacht ag an Aire Airgeadais comhlachtaí árachais a threorú chun cumhdach tuilte a thabhairt do dhaoine aonair, ghnóthais nó d'eagraíochtaí sonracha, tá córas faisnéise comhaontaithe ag OPW agus Insurance Ireland maidir le scéimeanna críochnaithe um maolú tuilte. Is é toradh an socraithe sin ná go bhfuil i bhfad níos mó eolais agus tuiscint i bhfad níos fearr ag an tionscal árachais ar mhéid na cosanta a thugtar ag oibreacha críochnaithe OPW um chosaint in aghaidh tuilte agus tá sé ar chumas aige é sin a thógáil san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar sholáthar árachas tuilte do shealbhóirí tí in áiteanna ina bhfuil oibreacha tugtha chun críche. I ndeireadh na dála, ba cheart go n-éascódh an straitéis cur ar fáil méadaithe an árachais i gcoinne bhaol tuilte don phobal. Straitéis mheántéarmach go fadtéarmach é seo.

41. An bhfuil árachas i gcoinne bhaol tuilte ar fáil go héasca ar fud na tíre?

Ábhar d'árachóirí aonair é soláthar chumhdach árachais, chomh maith leis na préimheanna a ghearrtar agus na téarmaí polasaí atá i gceist. Déanann comhlachtaí árachais cinntí tráchtála faoi sholáthar chumhdach árachais ar bhonn a measúnaithe ar na rioscaí a mbeidís ag glacadh leo ar bhonn cáis aonair. I roinnt cásanna, úsáideann comhlachtaí árachais a suirbhé féin ar riosca tuilte agus a bhfaisnéis léarscáile féin mar chuid dá gcur chuige measúnaithe, agus fágtar fúthu féin cinneadh a dhéanamh faoin ábhar sin.

Síníodh Meabhrán Tuisceana idir Oifig na n-Oibreacha Poiblí agus Insurance Ireland, an comhlacht ionadaíoch don tionscal árachais in Éirinn i Márta 2014. De thoradh an Mheabhráin sin, tá OPW geallta chun eolas cúlra agus teicniúil sonracha a thabhairt do Insurance Ireland faoi na scéimeanna cosanta tuilte go léir atá tugtha chun críche ag OPW agus an t-eolas sin a chur ar fáil i bhformáid chomhaontaithe. Tá gealltanas déanta ag

comhaltaí Insurance Ireland chun an fhaisnéis go léir a thug OPW a thógáil san áireamh agus nochtadh do bhaol tuilte sna ceantair sin á mheas. Go dtí seo tá sonraí faoi 16 scéim chríochnaithe tugtha ag OPW do Insurance Ireland, agus leanfaidh sé ar aghaidh ag déanamh amhlaidh de réir mar a chríochnófar scéimeanna agus mar a bheidh sonraí ar fáil. Tá sé deacair dul chun cinn faoin straitéis seo a mheas tar éis na tréimhse gairide seo agus díreach aon timthriall amháin d'athnuachan préimheanna bliantúla árachais tugtha chun críche.

Bíonn cruinnithe rialta, áfach, ag an Roinn Airgeadais agus OPW le hionadaithe ó chomhlachtaí árachais agus tá torthaí suirbhé faighte acu ón tionscal árachais faoin méadú ar fháil árachas tuilte sna ceantair ina bhfuil oibreacha leasúcháin OPW tugtha chun críche. Tuairiscíonn Insurance Ireland go gcuimsítear cumhdach tuilte i 91% de pholasaithe i gceantair atá ag baint leasa as cosaintí tuilte seasta, agus go bhfuil cumhdach tuilte san áireamh i 66% de pholasaithe i gceantair atá ag baint leasa as cosaintí tuilte indíshuite (lena n-áirítear Cluain Meala, Inbhear na Dothra, agus Fear Maí). Tuairiscíonn Insurance Ireland freisin go gcuimsítear cumhdach tuilte i 98% de pholasaithe árachais tí ar fud na tíre.

42. Cad é ról an Ghrúpa Idir-Rannaigh um Chomhordú an Bheartais i leith Tuilte?

I mí Eanáir, ghlac an Rialtas gníomh deimhneach chun tacú leis na pleananna atá i bhfeidhm cheana féin chun déileáil le tuilte ar an tSionainn nuair a bunaíodh an Grúpa Oibre um Chomhordú Gníomhaireachtaí Stáit maidir le Riosca Tuilte na Sionainne ar fud na gníomhaireachtaí Stáit a mbíonn baint acu leis an tSionainn, a bhfuil ina measc BSL, Uiscebhealaí Éireann, Bord na Móna, Iascaigh Intíre Éireann, an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra, OPW agus na húdaráis áitiúla ábhartha.

Ina Chlár Oibreacha, ar clár fairsing é agus a foilsíodh ar láithreán gréasáin an OPW leagtar béim ar an gcur chuige réamhghníomhach agus comhordaithe a ghlacann gníomhaireachtaí stáit faoi láthair i dtreo bhainistíocht riosca i gcás tuilte ar dhobharcheantar na Sionainne. Seo a leanas atá ar siúl ag an nGrúpa Oibre:

- tá sé ag tógáil ar obair agus ghealltanas reatha na nGníomhaireachtaí Stáit go léir a bhíonn ag plé le riosca tuilte
- tá sé ag díriú ar dhéanamh cinnte go ndéantar an oiread comhordú agus is féidir idir na comhlachtaí reachtúla go léir a bhíonn ag plé le bainistíocht tuilte ar an tSionainn.
- tá sé ag díriú ar réitigh, atá ceaptha chun an leibhéal is ard d'éifeachtúlachtaí a chur ar fáil agus luach a chur leis an gClár um Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAM).

Reáchtáil an Grúpa trí Lá Oscailte faoina chlár oibre chun ról agus obair an Ghrúpa a phlé leis an bpobal agus bhí cruinniú aige le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann chun plé a dhéanamh faoin gcur chuige atá á ghlacadh ionas go ndéileálfaí leis na hábhair inní atá acu.

Bhí cúig chruinniú ag na nGrúpa go dtí seo, agus Cathaoirleach an OPW ag déanamh cathaoirleachta orthu. Ag an gcrúinniú, a reáchtáladh ar an 18 Deireadh Fómhair, phléigh an Grúpa Oibre um Chomhordú Gníomhaireachtaí Stáit maidir le Riosca Tuilte na Sionainne na tairbhí a bhainfeadh le bearta féideartha chun riosca tuilte a bhainistiú le haghaidh Gheimhreadh 2016/2017 agus cinneadh triail a bhaint as leibhéal uisce Loch Aillíon a dhéanamh níos ísle ar chúinsí áirithe agus súil ghéar a choimeád orthu chun cabhrú le riosca tuilte féideartha don Gheimhreadh seo a mhéadú beagáinín. Cé go mb'fhéidir nach mór an tionchar a bheadh ag an tionscnamh sin, léiríonn sé go mbíonn na gníomhaireachtaí tiomnaithe i gcónaí chun oibriú ar bhealach comhordaithe le féachaint ar na bearta go léir a bhféadfadh go mbainfeadh pobail ar an tSionainn leas astu.

D'aontaigh an Grúpa freisin measúnú a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le haon chlár gearrthéarmach agus fadtéarmach um dhreideáil áitiúil agus aon phíolótú amach anseo

chun fáil réidh le roinnt caolas abhann ar an tSionainn. Pléifidh an Grúpa an measúnú sin chomh maith leis an dul chun cinn ó thaobh thriail na leibhéal locha i rith an Gheimhridh seo.

43. Conas a láimhseáiltear leibhéil uisce ar an tSionainn?

Is í an phríomhchúis leis an leibhéal abhann ná an méid báistí a thiteann ar an abhantrach. Déanann an BSL na leibhéil uisce ar na 3 loch (Loch Aillionn, Loch Rí agus Loch Deirgeirt) a rialú agus a bhainistiú chun críocha leictreachas a ghineadh agus déanann Uiscebhealaí Éireann na leibhéil idir na lochanna a bhainistiú chun críocha loingseoireachta.

Bíonn cumarsáid laethúil ar siúl idir Uiscebhealaí Éireann agus glacann siad cur chuige comhordaithe i dtreo bhainistiú na leibhéal agus an BSL ag bainistiú leibhéal le haghaidh tháirgeadh leictreachais agus Uiscebhealaí Éireann ag bainistiú na leibhéal le haghaidh loingseoireachta le linn shéasúr na bádóireachta.

Ag cruinniú a reáchtáladh ar an 18 Deireadh Fómhair, chinn an Grúpa Oibre um Chomhordú Gníomhaireachtaí Stáit maidir le Riosca Tuilte na Sionainne triail a bhaint as na leibhéil locha a íslíú i Loch Aillionn chun cabhrú le riosca tuilte féideartha a mhaolú don Gheimhreadh seo.

De réir na hanailíse a rinneadh, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar dearfach beag aige sin ar fhairsinge imeachtaí tuilte áirithe a d'fhéadfadh a tharlú le linn Geimhridh. Bainfear é sin amach trí phrótacail a aontófar idir an OPW, an BSL agus Uiscebhealaí Éireann agus tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla ábhartha ionchur freisin. Léiríonn an samhltú agus an anailís a rinneadh nach féidir an gníomh sin a dhéanamh ach ar chúinsí sonracha ionas nach gcruthófaí tuile le sruth nó nach ndéanfaí níos measa é agus beidh sé riachtanach súil ghéar a choimeád ar an triail seo.

44. Féadann aimsir chrua dul i bhfeidhm ar fheirmeoirí – cá háit ar féidir le feirmeoirí comhairle a fháil??

Fuarthas le linn aimsire cruha go bhfuil go leor teacht aniar i bhfeirmeoirí. D'ainneoin sin, cuireann Teagasc comhairle shonrach ar fáil faoi dhea-chleachtas le haghaidh earnálacha éagsúla na talmhaíochta in am an ghátair agus foilsítear í sin ar láithreáin ghréasáin Theagasc agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ar www.winterready.ie I dteannta le Teagasc agus leis an Oifig um Pleanáil Éigeandála d'ullmhaigh an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara comhairle do theaghlaigh fheirme ó thaobh pleanála i gcomhair tionchair na haimsire cruha ar bheostoc agus ar an bhfeirmeoireacht go ginearálta. Tá an chomhairle sin le fáil sa Leabhrán Bí Ullamh don Gheimhreadh a dhéanann an Oifig um Pleanáil Éigeandála. Tá cóipeanna den bhileog agus den leabhrán ar fáil ón OEP nó ar www.winterready.ie ach iad a iarraidh.

Chomh maith leis sin oibríonn an Roinn Líne Cabhrach ar Leas Ainmhithe (1850 211 990) ar féidir le feirmeoirí teagmháil a dhéanamh léi i gcás ghanntanais fodair nó ábhair eile a bhaineann le leas ainmhithe. Ba cheart d'fheirmeoirí pleanáil a dhéanamh i bhfad roimh ré chun éifeachtaí na haimsire cruha ar an bhfeirmeoireacht a mhaolú. Ba cheart d'fheirmeoirí éisteacht le feasacháin nuachta agus le réamhaisnéisí na haimsire agus cuimhneamh go mbíonn an fheirmeoireacht contúirteach mar shlí bheatha i gcónaí agus go mbíonn sí níos contúirtí fós nuair a bhíonn aimsir chrua i gceist.

45. Cad é ról an Rialtais maidir le cúnamh a thabhairt do ghnóthais?

Tugtar comhairle shonrach do ghnóthais ar an láithreán gréasáin www.winterready.ie. Le linn na tréimhse d'aimsir chruha a bhí againn anuraidh chuaigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i gcomhairle le roinnt ionadaithe gnó agus thug siad aiseolas faoi aon teagmhais mhóra don Choiste Comhordaithe Náisiúnta nó do ghníomhaireachtaí tosaigh áitiúla (m.sh. údaráis áitiúla). Tá seicliosta sonracha do ghnóthais ullmhaithe ina leagtar

amach na bearta lárnacha atá le glacadh. Tá an seicliosta ar fáil le híoslódáil ó www.forfas.ie agus www.djei.ie

46. Cad faoi dhúnadh scoileanna?

Fágtar faoi údarás bainistíochta na scoile cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an ceart scoil a dhúnadh agus an treoir go léir a thug na príomhghníomhaireachtaí freagartha, an Garda Síochána ach go háirithe, á coimeád i gcuimhne acu. Is ar mhaithe le sábháilteacht leanaí a thógtar cinneadh ar bith scoil a dhúnadh, agus glactar an cinneadh tar éis dul i gcomhairle, mar is cuí, le hoibreoirí iompair scoile.

I measc cuid de na fachtóirí a thógann scoileanna san áireamh tá:

- coinníollacha sa scoil í féin
- cumas na scoile déanamh

cinnte go mbeidh daltaí sláintiúil agus sábháilte agus iad ar scoil

- cumas tuismitheoirí, daltaí, ball foirne agus seirbhísí iompair scoile

taisteal go sábháilte ar na bóithre áitiúla chun an scoil a bhaint amach

- treoir ó na príomhghníomhaireachtaí freagartha
- Tugtar treoir faoi am a chailtear mar gheall ar dhúnadh gan choinne de thoradh aimsire crua

i gcioclán 34/2011 atá ar fáil ar

láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie.

47. Cad é beartas nua Bhus Éireann maidir le Seirbhísí Iompair Scoile i gcás go n-eiseodh Met Éireann rabhadh Aimsire Dearg?

Cuirfear na seirbhísí go léir a sholáthraíonn Bus Éireann (ag busanna scoile agus conraitheoirí Bhus Éireann) faoi Scéim Iompair Scoile an Roinn Oideachais agus Scileanna ar ceal sa cheantar atá i gceist má fhógraítear rabhadh aimsire Stádais Dheirg don lá ar fad nó do chuid den lá.

Cuirfear seirbhísí ar ceal ar bhonn in aghaidh na scoile – oibreoidh na seirbhísí go léir don scoil ar leith nó ní oibreoidh seirbhísí ar bith chuici. Ceist oibriúcháin a fhágfar faoi rogha Bhus Éireann amháin a bheidh sa chinneadh.

48. Céard a tharlóidh do scoileanna i gcás go dtarraingeoidh Bus Éireann siar busanna scoile tar éis rabhaidh dheirg?

Fágfar faoi gach scoil fós a cinneadh féin a dhéanamh maidir le cibé acu ar cheart dúnadh i gcás rabhaidh dheirg; i gcás roinnt scoileanna ní úsáideann cuid mhór de na leanaí an scéim iompair scoile.

Cuireadh polasaí Iompar Scoile Bhus Éireann um foláirimh aimsire dhearga in iúl do na comhlachtaí bainistíochta scoile, a dhéanann cinntí neamhspleácha faoi dhúnadh scoileanna, do na scoileanna a bhfuiltear ag freastal orthu, agus do thuismitheoirí leanaí a bhaineann leas as na seirbhísí iompair scoile sin.

Is amhlaidh i gcónaí go bhfágtar faoi údarás bainistíochta na scoile, (i gcásanna den sórt sin, an Príomhoide, agus é/í ag gníomhú thar ceann an Bhord Bainistíochta) cinneadh a dhéanamh maidir le dúnadh scoile agus an treoir go léir ó na príomhghníomhaireachtaí freagartha, - go háirithe an Garda Síochána, - á tógáil san áireamh chomh maith le teagmhasachtaí eile ar bith, mar shampla cinneadh ag Bus Éireann seirbhísí bus scoile a tharraingt siar. Ar na cúinsí sin, coimeádfaidh Bus Éireann scoileanna agus na meáin chumarsáide ar a n-eolas faoi fhorbairtí ó thaobh iompair scoile.

Is ar mhaithe le sábháilteacht leanaí a thógtar cinneadh ar bith scoil a dhúnadh, - nó a mhalairt, - agus glactar an cinneadh tar éis dul i gcomhairle, - mar is cuí, - le hoibreoirí iompair scoile, agus Bus Éireann san áireamh.

I measc na gceisteanna a dhéanfadh scoil a mheas ar na cúinsí sin tá;

- An cion de dhaoine na scoile a bhraitheann ar Bhus Éireann le haghaidh iompair ón scoil agus chuici.
Cumas ginearálta daltaí agus ball foirne, tuismitheoirí agus cuairteoirí eile, - agus seirbhísí iompair scoile eile, - taisteal go sábháilte ar na bóithre áitiúla.
- Cumas na scoile cinntiú go mbeidh daltaí slán sábháilte áit nach bhfuil iompar abhaile ón scoil ar fáil.
- Treoir, mar is amhlaidh i gcónaí, ó na príomhghníomhaireachtaí freagartha, go háirithe An Garda Síochána.

49. Cén fáth gur chuir Bus Éireann an beartas sin i bhfeidhm?

Forbairt réasúnta nua iad Rabhaidh Aimsire Stádais Dheirg agus tá an chomhairle maidir le céard ba cheart a dhéanamh sna cásanna sin fós á beachtú. Chinn Bus Éireann ar an mbeartas seo ar bhunús prionsabal lárnaigh mar atá shábháilteacht ár gcuid seirbhísí Iompair Scoile – fógraíodh anois é agus muid ag druidim i dtreo an gheimhridh nuair a bheidh an aimsir níos measa.

50. Cén gníomhartha a glacadh roimhe sin maidir le Seirbhísí Iompair Scoile nuair a bhí drochaimsir againn? (An gcuirfear Seirbhísí Iompair Scoile ar ceal i gcás rabhadh aimsire eile – nó drochaimsir?)

De réir na nósanna imeachta roimhe seo, déanfaidh Bus Éireann bealaí/ceantair áirithe a mheas ar an lá atá i gceist agus déanfar cinneadh ar bhonn áitiúil ag an Oifig Réigiúnach um Iompar Scoile maidir le cibé acu an oibreofar seirbhís nó nach n-oibreofar í.

D'fhéadfadh go gcuirfí seirbhísí aonair ar ceal gan fhógra de thoradh drochaimsire ar chúiseanna sábháilteachta agus ní athraítear an cur chuige de thoradh rud ar bhith sa bheartas seo.

51. An ndeachthas i gcomhairle leis an Roinn Oideachais maidir leis an mbeartas?

Sea, rinneadh plé fairsing leis an Roinn Oideachais agus Scileanna – a n-oibríonn Bus Éireann an Scéim Iompair Scoile thar a ceann.

Chomh maith leis sin, tógadh san áireamh an leabhrán ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’ a rinne an Oifig um Pleanáil Éigeandála agus a forbraíodh i dteannta le heagraíochtaí eile a raibh ina measc an Roinn Oideachais agus Scileanna, an RSA, an Garda Síochána, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, agus Met Éireann.

52. Conas atá an beartas seo á chur in iúl?

Cuireadh an beartas in iúl do na comhlachtaí bainistíochta scoile, do na scoileanna a bhfuiltear ag freastal orthu, agus do thuismitheoirí. D'eisigh Bus Éireann tuairim is 64,000 ríomhphost chuig tuismitheoirí/caomhnóirí atá cláraithe d'Iompar Scoile ar líne agus sheolamar 1,200 litir chuig tuismitheoirí/caomhnóirí nach mbaineann úsáid as faisnéis ar líne. Chomh maith leis sin d'eisigh an Oifig Preasa faisnéis chuig na meáin chumarsáide áitiúla agus náisiúnta, agus tá an beartas ar fáil sa chuid faoi Iompar Scoile ar ár láithreán gréasáin - http://secure-web.cisco.com/1rLCWitHEhHVRy19ObGbis6kRgMCcDRXjyOD-KzbMowWww_r4GIID4Ag5KbrGO0ohEDyJvmlrX8uMVKnPjcg4L0qdPw_0nibCnT_aTR3vzg1qHmZB4kOeuGqXbhYd8rOwgrZYHju6d6O7QoMdMe2qPUOweWZIimp0C2mPMKZxsqzr0d-O6Q8uLvyWwRMs-wZfB_svnYodMh19xDpu12S8XmA/http%3A%2F%2F www.buseireann.ie

http://secure-web.cisco.com/1rLCWitHEhHVRy19ObGbis6kRgMCcDRXjyOD-KzbMowWww_r4GIID4Ag5KbrGO0ohEDyJvmlrX8uMVKnPjcg4L0qdPw_0nibCnT_aTR3vzg1qHmZB4kOeuGqXbhYd8rOwgrZYHju6d6O7QoMdMe2qPUOweWZIimp0C2mPMKZxsqzr0d-O6Q8uLvyWwRMs-wZfB_svnYodMh19xDpu12S8XmA/http%3A%2F%2F

[www.buseireann.ie](http://secure-web.cisco.com/1rLCWitHEhHVRy19ObGbis6kRgMCcDRXjyOD-KzbMowWww_r4GIID4Ag5KbrGO0ohEDyJvmlrX8uMVKnPjcg4L0qdPw_0nibCnT_aTR3vzg1qHmZB4kOeuGqXbhYd8rOwgrZYHju6d6O7QoMdMe2qPUOweWZIimp0C2mPMKZxsqzr0d-O6Q8uLvyWwRMs-wZfB_svnYodMh19xDpu12S8XmA/http%3A%2F%2F)

53. Cad faoin earnáil dheonach?

Féadann an earnáil dheonach ról tábhachtach a ghlacadh i gcabhrú leis an bhfreagairt. Mar

shampla, bíonn os cionn trí mhíle saorálaí Cosanta Sibhialta ar fáil chun cabhrú le húdaráis áitiúla déileáil le haimsir chrua i ngach cearn den tír. An geimhreadh seo caite bhí ról tábhachtach ag saorálaithe Cosanta Sibhialta i gcabhrú leis na príomhghníomhaireachtaí freagartha déileáil leis na tuilte troma a bhuaíl cuid mhór den tír. I measc na ngníomhaíochtaí a bhí ar siúl ag Cosaint Shibhialta bhíuisce a chaidéalú, málaí gainimh a leagan agus daoine a aistriú óna gcuid tithe. Chabhraigh Cosaint Shibhialta leis an FSS daoine a bhaint amach a raibh cónaí orthu i gceantair iargúlta nach raibh sé éasca iad a bhaint amach mar gheall ar leibhéil uisce.

54. Cad é Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála?

Is é atá i dTascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála ná grúpa a bunaíodh chun feabhas a chur ar chomhordú pleanála éigeandála ar fud an Rialtais agus chun cabhrú le heolas a roinnt agus le pleanáil éigeandála a choimeád chun tosaigh i gclár oibre na Ranna agus na nGníomhaireachtaí Rialtais.

55. Cad é cuspóir an Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí?

Is é ata san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí ná ionad tiomnaithe chun comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt ar éigeandálaí a bhfuil freagairt náisiúnta ag teastáil lena n-aghaidh. Baineadh úsáid as le linn imeachtaí aimsire cruá deireanacha agus le linn éigeandáil an luathreamháin bholcánaigh i mBealtaine na bliana seo caite. Baintear úsáid as freisin chun traenáil agus cleachtaí a éascú agus chun cruinnithe de Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála a óstáil.

56. Cén socruithe eile atá i bhfeidhm chun eolas a thabhairt don phobal?

Tairseach atá sa láithreán gréasáin www.winterready.ie ina bhfuil naisc leis na láithreáin ghréasáin go léir a bhfuil eolas suas le dáta acu ar réimsí mar an FSS, iompar agus taisteal, réamhaisnéisí na haimsire, údaráis áitiúla srl.

Ina theannta sin, cuirfidh na Ranna, na Gníomhaireachtaí agus na Soláthraithe Seirbhíse ábhartha go léir eolas ar fáil ar a gcuid láithreán gréasáin. Dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar ríomhaire, is féidir líon teoranta den leabhrán ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’ a fháil trí leabharlanna poiblí nó trí ghlaoch ar an Oifig um Pleanáil Éigeandála ag 1890 252 736. Tabharfar comhairle agus eolas suas le dáta ar an teilifís agus an raidió chomh maith.
